Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11777/25**

**DEVGEN 131**
**COHAFA 71**
**ACP 77**
**RELEX 1036**
**SUSTDEV 58**
**COHOM 129**
**SAN 474**
**FAO 34**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10216/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | An athléimneacht a neartú i dtíortha comhpháirtíochta trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 18 Iúil 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú i dtíortha comhpháirtíochta trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4114ú cruinniú a bhí aici an 18 Iúil 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht a neartú i dtíortha comhpháirtíochta trí bhíthin ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais**

**RÉAMHRÁ**

1. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di na dúshláin dhomhanda atá ag dul i méid agus an tionchar atá acu ar an timpeallacht cúnaimh idirnáisiúnta agus ar chórais forbartha idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas – arb é an soláthraí is mó cúnaimh oifigiúil um fhorbairt sa domhan – fós ina chomhpháirtí iontaofa atá tiomanta don athléimneacht a neartú ar fud an domhain.

2. Aithníonn an Chomhairle, mar gheall ar an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú, ina bhfuil coinbhleacht agus leochaileacht ag cur leis an bhfíorbhochtaineacht dhomhanda, agus na srianta cistiúcháin atá ann faoi láthair, gur gá na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar bhealach níos straitéisí agus béim bhreise a leagan ar chur chuige claochlaitheach arb é is aidhm dó bearta coisctheacha, cobhsaíochta, síochána, réamh-mheasta agus athléimneachta a chomhtháthú. Chuige sin, tá gá le húinéireacht agus rannpháirtíocht leanúnach na dtíortha comhpháirtíochta bunaithe ar thuiscint ar íogaireachtaí áitiúla agus cultúrtha.

3. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le hAthléimneacht i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh[1] mar aon lena tiomantas leanúint de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta athléimneacht a fhorbairt mar thosaíocht de chuid ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais trí bhíthin idirghabhálacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil síocháin, rathúnas agus slándáil an Aontais, a Bhallstát agus ár gcomhpháirtithe fite fuaite lena chéile. Déantar athléimneacht an Aontais féin a neartú tríd an ullmhacht a leabú ina ghníomhaíocht sheachtrach, i gcomhréir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta a cuireadh i láthair an 26 Márta 2025, agus athléimneacht ár gcomhpháirtithe a neartú. Trí athléimneacht fhrithpháirteach a fhorbairt le comhpháirtithe, cuirtear freisin le cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha mar shampla bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.

[1] 14191/17 Cur Chuige Straitéiseach don Athléimneacht i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh – Conclúidí ón gComhairle (an 13 Samhain 2017).

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta seasamh le luachanna uile an Aontais, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Dearbhaíonn an Chomhairle freisin go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do chur chun feidhme éifeachtach Chlár Oibre 2030 agus tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iltaobhachas éifeachtach cuimsitheach.

**STAID NA hIMEARTHA**

5. Leagann an Chomhairle béim ar an bhfórsa claochlaitheach a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt na hathléimneachta chun dul chun cinn na forbartha a fheabhsú agus chun an chobhsaíocht a chothú. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá le tús áite a thabhairt don chomhar le tíortha comhpháirtíochta bunaithe ar fhreagracht agus úinéireacht agus ar luachanna comhroinnte agus tiomantas do chuspóirí forbartha inbhuanaithe fadtéarmacha. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí i bpríomhréimsí áirithe:

    a. Ní mór an athléimneacht a neartú ar gach leibhéal – ar an leibhéal aonair, ar leibhéal an phobail, agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta. Trí thacú leis an athléimneacht, spreagtar cóineasú dóibh siúd is faide ar gcúl.

    b. Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá institiúidí poiblí atá cuimsitheach, trédhearcach, neamhspleách agus cuntasach chun athléimneacht fhadtéarmach a chothú ar gach leibhéal.

    c. Is comhpháirtithe tábhachtacha forbartha agus daonnúla iad an tsochaí shibhialta agus grúpaí pobail. Bíonn ról ríthábhachtach ag mná agus ag an óige mar cheannairí agus mar ghníomhairí don athrú chun athléimneacht a neartú. Trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt acmhainneacht na ngníomhaithe sin, cuirtear leis an bhfreagairt túslíne nuair a bhuailtear géarchéimeanna daonnúla.

    d. Leagann an Chomhairle béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le saoirse na meán, an t-iolrachas, an bhréagaisnéis a chomhrac agus litearthacht sna meáin a neartú, chun spás sibhialta eolasach athléimneach a chothú, lena gcuirfear ar chumas na saoránach páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha agus institiúidí a thabhairt chun cuntais.

e. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí lántiomanta tacú leis an gcreat idirnáisiúnta maidir le comhionannas inscne, le teachtadh iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní agus le cumhachtú na mban agus cailíní leis féin agus mar sprioc agus mar thiomántóir don fhorbairt inbhuanaithe, agus athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta an méid sin a chur chun feidhme, agus Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne, mar a ghlac an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais Eorpaigh é, á thabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di na Conclúidí ón Uachtaránacht.

f. Leagann an Chomhairle béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an eolaíocht, an teicneolaíocht agus ag an nuálaíocht mar phríomhchumasóirí chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht a chothú.

g. Meabhraítear don Chomhairle gur tosca cinntitheacha don dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus do dheiseanna forbartha iad bonneagar digiteach, réitigh nascachta, saoirse idirlín agus fothú cibear-acmhainneachta atá slán, iontaofa, athléimneach, cuimsitheach, inrochtana, ar fáil agus inacmhainne.

h. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá laghdú rioscaí tubaiste, réamhghníomhaíocht agus ullmhacht in aghaidh tubaiste, chun beatha daoine a shábháil agus a chothú agus folláine agus dínit a chaomhnú, riachtanais dhaonnúla a laghdú, oiriúnú don athrú aeráide, agus gnóthachain forbartha agus slite beatha a chosaint.

i. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le hUisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais[2], iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí athnuaite chun Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6 a bhaint amach agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú le bainistiú comhtháite acmhainní nádúrtha, chomh maith le gníomhaíocht dhomhanda an Aontais a threisiú chun athléimneacht uisce a neartú, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce[3].

---

[2] 14108/21 Uisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais – Conclúidí ón gComhairle (an 19 Samhain 2021).

[3] 9932/25 Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (an 4 Meitheamh 2025).

j. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cosaint shóisialta do chách atá in ann freagairt ar shuaitheadh, mar ghné atá ríthábhachtach chun athléimneacht na bpobal atá buailte a mhéadú. Nuair is féidir, leis an gcúnamh daonnúil, agus prionsabail dhaonnúla á n-urramú, ba cheart a bheith ag féachaint ar naisc le córais náisiúnta cosanta sóisialta mar bhealach chun acmhainneacht agus úinéireacht áitiúil a neartú, comhordú a chur chun cinn agus forais a leagan síos le haghaidh réitigh mharthanacha do na pobail a ndéantar difear dóibh.

k. Leagann an Chomhairle béim ar an áit lárnach atá ag an oideachas agus ag an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil in iarrachtaí athléimneachta. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá an t-oideachas do chách, ag gach céim d'fhorbairt leanaí agus i ngach comhthéacs géarchéime, chomh maith le hoiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme chun forbairt inbhuanaithe a chothú agus chun deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus leis an ocras.

l. Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá institiúidí atá cuimsitheach, trédhearcach agus cuntasach chun athléimneacht fhadtéarmach a chothú ar gach leibhéal. Tá na tíortha comhpháirtíochta freagrach as a bhforbairt féin agus as na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme agus ba cheart don Aontas tús áite a thabhairt d'fhothú acmhainneachta fadtéarmach, agus é á aithint go bhfuil sé bunriachtanach saineolas náisiúnta a neartú chun cur ar chumas tíortha a n-athchóirithe féin a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear san earnáil airgeadais.

m. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le Dlús a chur le tacaíocht Fhoireann na hEorpa don tslándáil bia agus don chothú ar fud an domhain[4], atá ailínithe leis an gcruinniú mullaigh 'Nutrition for Growth' a tionóladh i bPáras ag deireadh mhí an Mhárta 2025. I gcomhréir le Fís an Aontais le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, iarrann an Chomhairle freisin go dtacófaí le tíortha comhpháirtíochta ina mbiafhlaitheas, ina n-athléimneacht bia agus ina n-inbhuanaitheacht bia, lena n-áiritheofar rochtain ar bhia sábháilte, inacmhainne, ardcháilíochta agus cothaitheach do chách.

---

[4] 16901/24 Dlús a chur le tacaíocht Fhoireann na hEorpa don tslándáil bia agus don chothú ar fud an domhain – Conclúidí ón gComhairle (an 16 Nollaig 2024).

n. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi dar teideal Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan Atá ag Athrú[5] agus na conclúidí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[6], agus tá sí tiomanta i gcónaí tacú le córais sláinte athléimneacha.

o. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe. Sa chomhthéacs sin, tá an tAontas fós tiomanta do chearta sláinte gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe rochtain uilíoch ar fhaisnéis, ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

p. Agus na conclúidí uaithi á meabhrú aici maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, molann an Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an imirce neamhrialta a chomhrac, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha straitéiseacha san idirphlé le tíortha tionscnaimh, idirthurais agus cinn scríbe. Cé go gcuidíonn an comhar um fhorbairt cheana féin chun dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhrialta, ba cheart do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais aghaidh a thabhairt orthu, trí chineálacha nuálacha cur chuige, mar ábhar tosaíochta, ar bhealach spriocdhírithe, comhleanúnach agus cuimsitheach, lena gcothaítear dearcthaí eacnamaíocha do shlite beatha inbhuanaithe na bpobal áitiúil i réigiúin tionscnaimh agus tacú le tíortha óstacha.

---

[5] 5908/24 Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan Atá ag Athrú – Conclúidí ón gComhairle (an 29 Eanáir 2024).

[6] 9395/25 Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta: Táthar ag cloí le cuspóirí leathana straitéiseacha, ach tá fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta ag cur isteach ar idirghabhálacha' – Conclúidí ón gComhairle (an 26 Bealtaine 2025).

6. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir leis an Nasc idir Cabhair Dhaonnúil agus Forbairt a Oibríochtú[7] chomh maith leis na conclúidí maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais[8] agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh gníomhaithe idirnáisiúnta le forbairt athléimneachta ar fud an Naisc idir an Chabhair Dhaonnúil, an Fhorbairt agus an tSíocháin.

**SÚIL CHUN CINN/NA CHEÁD CHÉIMEANNA EILE**

7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de chur chuige atá dírithe ar an athléimneacht a chomhtháthú sa chlársceidealú reatha ar fud a ghníomhaíochtaí daonnúla, cobhsaíochta, forbartha agus cothaithe síochána. Éilítear le forbairt athléimneachta cineálacha cur chuige marthanacha comhtháite, bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar chomhthéacsanna áitiúla lena dtugtar aghaidh ar leochaileachtaí bunúsacha agus ar an acmhainneacht suaití atá ag éirí níos minice agus níos déine a sheasamh.

8. Leanfaidh CFO, lena n-áirítear an cúnamh oifigiúil sin a chuirtear ar fáil trí Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, de ról lárnach a bheith aige sa chomhar um fhorbairt. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le leas a bhaint as acmhainní solúbtha, straitéiseacha agus catalaíocha ó raon leathan foinsí airgeadais atá ar fáil, ó gach gníomhaí forbartha agus ón earnáil phríobháideach. Aithníonn an Chomhairle an acmhainneacht atá taobh thiar de shásraí nuálacha maoiniúcháin, ar nós cistí príobháideacha a shlógadh, agus molann sí don Choimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na hionstraimí sin. Leagann an Chomhairle béim ar a ríthábhachtaí atá sé tacú le tíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar shlógadh ioncaim intíre agus chun acmhainneachtaí institiúideacha a threisiú le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais phoiblí. Aithníonn an Chomhairle gur gá úsáid a bhaint as foinsí nuálacha cistiúcháin atá ann cheana chun tacú leis na tíortha is leochailí athléimneacht a chothú i leith suaití sonracha, go háirithe suaití aeráide.

---

[7] 9383/17 An Nasc idir Cabhair Dhaonnúil agus Forbairt a Oibríochtú – Conclúidí ón gComhairle (an 19 Bealtaine 2017).

[8] 14463/22 Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais – Conclúidí ón gComhairle (an 28 Samhain 2022).

9. Aithníonn an Chomhairle gur ceann de phríomhstraitéisí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais é Global Gateway agus aithníonn sí an méid a chuireann sé le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i dtíortha comhpháirtíochta comhionanna a théann chun tairbhe don dá thaobh. Iarrann an Chomhairle go gcuirfear Global Gateway chun feidhme le meon Fhoireann na hEorpa, i gcomhréir le leasanna frithpháirteacha an Aontais agus tíortha comhpháirtíochta agus bunaithe ar thosaíochtaí infheistíochta na straitéise, is iad sin: cúrsaí digiteacha, aeráid agus fuinneamh, iompar, sláinte, oideachas agus taighde. Agus béim á leagan ar phríomhshlabhraí luacha agus ar chonairí straitéiseacha, tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí Global Gateway a mhéadú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, lena rannchuideofar leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, an tslándáil bia agus an cothú a neartú. Cé go bhfuil Global Gateway á úsáid freisin i roinnt comhthéacsanna ina bhfuil leibhéil arda nó foircneacha leochaileachta – agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs tríd an gcur chuige 360° – tá gá le haird leanúnach chun a áirithiú go ndéanfar é sin ar bhealach atá íogair ó thaobh coinbhleachta de agus chun tacú le cineálacha cur chuige níos saincheaptha agus níos solúbtha lena dtugtar aghaidh go sonrach ar leochaileacht. Tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfadh sé nach mbeadh na coinníollacha chun páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí Global Gateway i ngach tír chomhpháirtíochta agus leagann sí béim ar an ngá atá le cur chuige difreáilte de chuid an Aontais i gcomhthéacsanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh samhlacha atá dírithe ar infheistíocht oiriúnach nó éifeachtach.

10. Aithníonn an Chomhairle freisin gur cheart aird ar leith a thabhairt i suíomhanna leochaileacha, coinbhleachta agus iarchoinbhleachta ar thacú le próisis aistrithe chuig an daonlathas, le hathléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta agus le hinstitiúidí agus pobail a neartú, agus béim á leagan ar an inbhuanaitheacht, ar an gcuimsiú agus ar úinéireacht áitiúil. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le tuilleadh feabhais a chur ar Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha agus le leanúint de bheith rannpháirteach ar bhealach pragmatach ach ar bhonn prionsabail.

11. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint den chomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cineálacha cur chuige inbhuanaithe a fhorbairt i dtreo níos mó comhleanúnachais idir an beartas forbartha agus an beartas imirce, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta ar bhealach inbhuanaithe.

12. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cineálacha cur chuige daonnúla, forbartha, cobhsaíochta agus síochána a chomhtháthú ina chlársceidealú agus comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú idir tionscadail agus le gníomhaíochtaí na mBallstát, na n-institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, na Náisiún Aontaithe agus na sochaí sibhialta nuair is féidir. Molann an Chomhairle freisin go ndéanfaí comhordú níos dlúithe le deontóirí eile atá ar aon intinn leo agus le comhpháirtithe cur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit dá n-idirghabhálacha a mhúnlú agus a chomhordú ar bhonn comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt.

13. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den obair ar chur chuige comhtháite ar fud an Choimisiúin i leith na leochaileachta. Maidir le tíortha leochaileacha, agus go háirithe i suíomhanna atá srianta go polaitiúil agus casta, iarrann an Chomhairle go mbeadh cur chuige difreáilte ann. Molann an Chomhairle do na Ballstáit leanúint de bheith ag tacú le dlúthchomhar idir an tAontas, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais/bainc forbartha iltaobhacha agus na Náisiúin Aontaithe i suíomhanna leochaileacha.

14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint d’fheabhas a chur ar an luathrabhadh agus ar chosc coinbhleachtaí, ar an bhfaireachán agus ar an anailís riosca chun bonn eolais a chur faoin gclársceidealú chomh maith le gníomhaíochtaí neamh-inchláraithe. Molann an Chomhairle don Choimisiún, don Ardionadaí agus do na Ballstáit leanúint dá n-anailísí, dá n-athbhreithnithe agus dá gceachtanna foghlamtha, chomh maith lena bpleananna gníomhaíochta i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, a chomhroinnt agus feabhas a chur orthu chun foghlaim chomhchoiteann agus freagairt thapa chomhleanúnach ón Aontas agus óna Bhallstáit a áirithiú.

15. Molann an Chomhairle tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar rannchuidiú cuimsitheach Eorpach bunaithe ar luach a dhéanamh le ríomhrialachas duinelárnach, lena dtacófar le hathléimneacht fhrithpháirteach agus ceannasacht dhigiteach an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta.

16. Molann an Chomhairle don Choimisiún, don Ardionadaí agus do na Ballstáit leanúint de bhéim a leagan ar thacaíocht an Aontais don athléimneacht ina n-iarrachtaí cumarsáide agus múscailte feasachta, ar ról an Aontais mar chomhpháirtí cobhsaí, iontaofa agus buanseasmhach a chuireann tacaíocht bhuanseasmhach ar fáil. Spreagann an Chomhairle cumarsáid straitéiseach i dteangacha áitiúla agus trí bhealaí a bhfuil rochtain ag an bpobal áitiúil orthu.

17. Molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de bheith ag díriú go láidir ar athléimneacht a fhorbairt, ar chobhsaíocht a fheabhsú, ar shíocháin a chothú, ar aghaidh a thabhairt ar rioscaí cosanta agus ar leochaileacht a shárú i dtíortha comhpháirtíochta sa mhachnamh ar a bhfuil i ndán do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, gan teacht roimh an gcaibidlíocht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile.